RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/751 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Bealtaine 2022

maidir le neamh-fhormheas na substainte gníomhaí clóraipicrin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Nollaig 2014, chuir an Grúpa Eorpach um Chlóraipicrin (ECG) iarratas faoi bhráid na Ríochta Aontaithe ('an Ballstát is rapóirtéir') ar fhormheas na substainte gníomhaí clóraipicrin de bhun Airteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(2) De bhun Airteagal 9(3) den Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, an 18 Meitheamh 2014 thug an Ballstát is rapóirtéir fógra don iarratasóir, do na Ballstáit eile, don Choimisiún agus don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') faoi inghlacthacht an iarratais.

(3) I gcás na substainte gníomhaí sin, rinneadh measúnú ar na tionchair ar shláinte an duine, ar shláinte ainmhithe agus ar an gcomhshaol, de bhun Airteagal 11(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, maidir leis an úsáid atá beartaithe ag an iarratasóir. Chuir an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil mheasúnachta faoi bhráid an Choimisiúin agus an Údaráis an 12 Nollaig 2017.

(4) De bhun Airteagal 12(1) den Rialachán sin, rinne an tÚdarás an dréacht-tuarascáil mheasúnachta a fuarthas ón mBallstát is rapóirtéir a dháileadh ar an iarratasóir agus ar na Ballstáit eile, agus d'eagraigh sé comhairliúchán poiblí uirthi.

(5) De bhun Airteagal 12(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, d'iarr an tÚdarás ar an iarratasóir faisnéis bhreise a sholáthar do na Ballstáit, don Choimisiún agus don Údarás.

(6) Le linn an phróisis athbhreithnithe piaraí, tar éis don Ríocht Aontaithe fógra a thabhairt go raibh sé ar intinn aici tarraingt siar ón Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ghlac an Iodáil freagracht na substainte gníomhaí sin ar an mBallstát is rapóirtéir i mí an Mheithimh 2019.

(7) An measúnú ar an bhfaisnéis bhreise a rinne an Ballstát ba rapóirtéir, cuireadh faoi bhráid an Údaráis é i bhformáid dréacht-tuarascáil mheasúnachta nuashonraithe.

(8) D'athbhreithnigh na Ballstáit agus an tÚdarás an dréacht-tuarascáil mheasúnachta. Chuir an tÚdarás a chonclúid ([2]) maidir leis an measúnú riosca ar an tsubstaint ghníomhach clóraipicrin faoi bhráid an Choimisiúin an 30 Eanáir 2020.

(9) Is éard a chuir an tÚdarás in iúl de chonclúid, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil, nach bhféadfadh sé an measúnú riosca a thabhairt chun críche i gcás tomhaltóirí, oibreoirí, oibrithe, daoine a bhí ar an láthair, lucht cónaithe agus shainaithin sé ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ann faoin screamhuisce, faoi mhacra-orgánaigh ithreach, miocrorgánaigh agus d'artrapóid ithreach nach spriocartrapóid atá iontu.

(10) Ina theannta sin, ní fhéadfaí measúnú ar na rioscaí d'orgánaigh uisceacha, do bheacha, d'artrapóid a mhaireann faoin duilliúr nach spriocartrapóid iad, do phéisteanna talún agus do phlandaí talún nach spriocphlandaí talún iad a thabhairt chun críche.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) EFSA Journal [*Iris EFSA*] 2020;18(3):6028, *Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance chloropicrin* [Conclúid faoin athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach clóraipicrin]. doi:10.2903/j.efsa.2020.6028.

(11) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha féin a chur isteach i leith chonclúid an Údaráis agus, i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, i leith na dréacht-tuarascála athbhreithniúcháin. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.

(12) Chuir an Coimisiún tuarascáil athbhreithniúcháin agus dréacht-Rialachán maidir le neamh-fhormheas na substainte gníomhaí clóraipicrin faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 22 Deireadh Fómhair 2021. Thug an Coimisiún faoi deara nach bhféadfaí ábhair imní a shainaithin an tÚdarás a dhíchur, agus dá bhrí sin nach bhféadfaí a bhaint de chonclúid as go bhfuil na critéir formheasa á gcomhlíonadh.

(13) I litir dar dáta an 18 Eanáir 2022, tharraing an t-iarratasóir siar a iarratas ar fhormheas ar chlóraipicrin. Dá bhrí sin, níor cheart clóraipicrin a fhormheas.

(14) Leis an Rialachán seo, ní chuirtear cosc ar iarratas eile a chur isteach maidir leis an tsubstaint ghníomhach clóraipicrin a fhormheas de bhun Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(15) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Neamh-fhormheas na substainte gníomhaí

Níl formheas á dhéanamh ar an tsubstaint ghníomhach clóraipicrin.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán, agus is Rialachán é a bheidh infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Bealtaine 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN